An Roinn Oideachais
Department of Education

# Sonraíocht Oideachais, Shóisialta, Phearsanta agus Sláinte (OSPS) na Sraithe Sinsearaí

Ullmhaithe ag an gComhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (CNCM)

# An Clár Ábhar


An tSraith Shinsearach 2

Réasúnaíocht 4

Aidhm 6

Leanúnachas agus dul Chun Cinn 6

Foghlaim an Scoláire sa tSraith Shinsearach 7

Príomhinniúlachtaí 8

Snáitheanna Staidéir agus Torthaí Foghlama 11

- Smaoineamh go criticiúil agus go comhbhách 12
- Cearta, Freagrachtaí agus Ionchuimsitheacht A Úsáid 12
- A Bheith Inniúil ar Chúrsaí Sláinte 12
- Snáithe 1: Sláinte agus Folláine 13
- Snáithe 2: Caidrimh agus Gnéasacht 14
- Snáithe 3: Teacht In Inmhe 15

Teagasc ar Fhoghlaim an Scoláire 16

- Gnéithe Uileghabhálacha de Theagasc Agus D'fhoghlaim Éifeachtach 17
- Tuilleadh gnéithe de theagasc agus d'fhoghlaim éifeachtach in OSPS 18

Measúnú 19

Aguisín 1 Príomhinniúlachtaí Torthaí Foghlama 21

Aguisín 2 Gluais De Bhriathra Gnímh 22

Aguisín 3 Gluais Téarmaí a mBaintear Úsáid Astu i dTorthaí Foghlama 23

# An tSraith Shinsearach

Cuirtear oideachas ar an duine ar fad sa tsraith shinsearach agus cuireann eispéiris an scoláire le linn na sraithe sinsearaí lena fhorbairt intleachtach, shóisialta agus phearsanta mar aon lena fholláine ar bhonn ginearálta. Le linn na sraithe sinsearaí, forbraíonn an scoláire braistint níos láidre ar a fhéiniúlacht agus é ag foghlaim in éineacht lena chomhscoláirí, le múinteoirí agus le daoine fásta eile, agus ag foghlaim uathu. Tá ocht dtreoirphrionsabal sa tsraith shinsearach.

| Treoirphrionsabail na Sraithe Sinsearaí |
|---|
| Folláine agus caidreamh |
| Oideachas ionchuimsitheach agus éagsúlacht |
| Dúshlán, rannpháirtíocht agus cruthaitheacht |
| Foghlaim le foghlaim, foghlaim don saol |
| Rogha agus solúbthacht |
| Leanúnachas agus aistrithe |
| Rannpháirtíocht agus saoránacht |
| Timpeallachtaí foghlama agus comhpháirtíochtaí |

Is slat tomhais iad na prionsabail seo do scoileanna agus do shuíomhanna oideachais eile agus iad ag pleanáil agus ag dearadh a sraithe sinsearaí agus é mar aidhm acu feabhas a chur ar an eispéireas oideachais do chách.

Cuimsítear leis an tsraith shinsearach, Idirbhliain roghnach agus cúrsa dhá bhliain ina diaidh, a bhfuil ábhair agus modúil mar chuid de. Cuirtear lena fhoghlaim sa tsraith shóisearach, agus tarlaíonn an fhoghlaim i scoileanna, pobail, suíomhanna oideachasúla agus suíomhanna eile lena n-aithnítear neamhspleáchas méadaitheach an scoláire. Bunaítear caidrimh le múinteoirí ar bhonn níos aibí agus glacann an scoláire níos mó freagrachta air féin as a chuid foghlama féin.

Sa tsraith shinsearach, cuirtear curaclam ar fáil ina mbíonn dúshlán don scoláire an leibhéal is airde de ghnóthachtáil oideachasúil a bheith mar sprioc aige, i gcomhréir lena chuid inniúlachtaí agus cumas féin. Tugtar tacaíocht don scoláire chun roghanna bunaithe ar eolas a dhéanamh agus iad ag roghnú conairí éagsúla tríd an tsraith shinsearach. Ba cheart go gcuirfeadh na heispéiris sa tsraith shinsearach, bonn láidir faoin aistriú go dtí an breisoideachas, an t-oideachas aosach agus an t-ardoideachas, printíseachtaí, tréimhsí oiliúna agus fostaíocht, agus rannpháirtíocht bhríoch sa tsochaí, sa gheilleagar agus sa saol aosach.

Ba cheart go bhfreastalódh an t-eispéireas oideachasúil sa tsraith shinsearach ar gach aon scoláire, go bhfreagródh sé dá chuid láidreachtaí agus riachtanas foghlama, agus go mbeadh meas agus urraim ann don éagsúlacht agus go ndéanfaí sin a cheiliúradh. Bíonn éagsúlachtaí ann i measc scoláirí ó thaobh cúlra teaghlaigh agus cultúir de agus i dtaca le teangacha, aois, stádas eitneach, creideamh, inscne, agus féiniúlacht ghnéis agus maidir lena gcuid láidreachtaí, riachtanas, spéiseanna, inniúlachtaí agus réamheolais, scileanna, luachanna agus meonta. Ba cheart go ndéanfaí féiniúlacht gach aon scoláire a cheiliúradh, go léireofaí meas uirthi agus go bhfreagrófaí di le linn don scoláire a bheith ag dul tríd an tsraith shinsearach.

I gcaitheamh na sraithe sinsearaí, bíonn deiseanna ag an scoláire dul i ngleic le dúshláin shóisialta, chomhshaoil, eacnamaíocha agus teicneolaíochta, agus chun feabhas a chur ar a thuiscint ar chearta an duine, ar cheartas sóisialta, ar chothroime ar éagsúlacht agus ar inbhuanaitheacht. Chomh maith leis sin, soláthraítear deiseanna freisin do gach uile scoláire le linn na sraithe sinsearaí chun taithí a fháil ar an lúcháir a bhaineann le clocha míle suntasacha a bhaint amach ina aistear oideachasúil pearsanta. Ba cheart go gcuirfeadh gach aon mhodúl agus ábhar ar a bhfaighidh an scoláire taithí, le réadú na físe foriomláine seo don tsraith shinsearach.

Ar leibhéal praiticiúil, tacaítear leis an tsraith shinsearach le forbairt ghairmiúil bhreisithe; le rannpháirtíocht múinteoirí, leis an scoláire, tuismitheoirí, ceannairí scoile agus páirtithe leasmhara eile; acmhainní; taighde; cumarsáid shoiléir; comhsheasmhacht polasaí; agus le fís chomhroinnte i dtaca lena mbítear ag iarraidh a bhaint amach dár gcuid daoine óga tríd an tsraith shinsearach, agus iad ag réiteach chun tús a chur leis an saol aosach. Cuirtear beocht inti i scoileanna agus i suíomhanna eile oideachasúla trí:

- pleanáil, forbairt, eagrú agus measúnú éifeachtach curaclaim
- cineálacha cur chuige teagaisc agus foghlama a spreagann an scoláire agus a ghabhann a spéis,
- a éascaíonn dó dul chun cinn agus feabhsúchán a dhéanamh agus a chuid foghlama a dhoimhniú agus a chur i bhfeidhm agus machnamh a dhéanamh uirthi agus
- cultúr scoile ina léirítear meas ar an scoláire agus ina gcuirtear grá don fhoghlaim chun cinn.

# Réasúnaíocht

Cuireann Oideachas Sóisialta, Pearsanta agus Sláinte (OSPS) na Sraithe Sinsearaí spás agus am ar leith ar fáil inar féidir leis an scoláire an t-eolas, an tuiscint, na scileanna, na luachanna agus na meonta a fhorbairt tuilleadh chun tacaíocht a thabhairt dá fholláine fhisiciúil, mhothúchánach, shóisialta agus spioradálta, anois agus ina shaol amach anseo. Tá sonraíocht OSPS bunaithe ar mheas, comhionannas, ionchuimsitheacht, freagracht, dínit, atrua agus comhbhá.

Is le linn na tréimhse foghlama seo, atá na daoine óga ag forbairt a n-inniúlachta chun smaoineamh agus iad féin a iompar a bhealach níos neamhspleáiche agus tiocfaidh athrú suntasach ar a saol pearsanta, sóisialta, mothúchánach agus acadúil, agus d’fhéadfadh cuid de sin a bheith dúshlánach. Is féidir leis an eolas agus scileanna a fhaightear in OSPS chomh maith leis na luachanna agus na meonta a chothaítear a bheith ina gcabhair ar dhaoine óga aghaidh a thabhairt ar na dúshláin seo.

Is próiseas fadsaoil é féinfheasacht agus scileanna sóisialta agus mothúchánacha a fhorbairt. Cuireann an fhoghlaim OSPS sa tSraith Shinsearach leis an bhfoghlaim OSPS sa tSraith Shóisearach, agus cuireann sé ar chumas an scoláire feabhas a chur ar na príomhscileanna d’fhéinfheasacht, d’fhéinbhainistíocht, de chinnteoireacht fhreagrach, d’fheasacht shóisialta agus ar na scileanna caidrimh. Chomh maith leis sin, cuirtear an deis ar fáil in OSPS na Sraithe Sinsearaí don scoláire chun a scileanna ar inniúlacht sláinte a fheabhsú, agus é ag foghlaim cén chaoi chun eolas agus seirbhísí a bhaineann le sláinte agus folláine a fháil, a thuiscint, a mheas agus a úsáid agus cén chaoi chun a mhuinín a neartú chun cumarsáid a dhéanamh agus chun gníomhú bunaithe ar an eolas céanna.

Forbraíonn an scoláire inniúlacht níos fearr sa tsraith shinsearach le haghaidh smaointeoireacht mhachnamhach agus le haghaidh ceistiúchán criticiúil. Cuireann an scoláire an méid sin i bhfeidhm in OSPS, agus is féidir cur ar a chumas machnamh agus critíc a dhéanamh ar noirm shóisialta/chultúrtha agus chun tuiscint a fháil ar na tosca sóisialta agus eacnamaíocha níos leithne a d’fhéadfadh tionchar a imirt ar iompar agus ar chinntí maidir le sláinte, le folláine agus le caidrimh. Chomh maith leis sin, cuireann an cúrsa OSPS ar chumas na ndaoine óga tuiscint a fháil ar na patrúin d’éagothromas, de leithcheal agus d’fhoréigean agus ar an gcaoi ar féidir leo tionchar a bheith acu ar shláinte, ar fholláine agus ar chaidrimh. Tugtar spreagadh don scoláire in OSPS le bheith machnamhach agus le bheith mar gníomhaire gníomhach ina shaol féin, agus tá ról tábhachtach ag OSPS chun féinmhuinín agus féin éifeachtúlacht a chothú.

Cuidíonn OSPS na Sraithe Sinsearaí leis an scoláire ullmhú don aistriú go dtí an saol lasmuigh den scoil. Cothaíonn sé scileanna saoil tábhachtacha mar aon le gnéithe d’fhéinchúram agus d’fhéinbhainistiú atá ag teastáil agus an scoláire ag teacht in inmhe agus ag ullmhú le maireachtáil ar bhonn níos neamhspleáiche. Aithníonn sé freisin go bhfuil caidrimh mar ghné thábhachtach dá shaol i gcónaí agus go bhfuil na caidrimh seo ag forbairt freisin le linn dó a bheith ag teacht in inmhe.

Ní hamháin go dtugtar tacaíocht d’fhorbairt phearsanta na ndaoine óga sa chúrsa seo agus go n-ullmhaíonn sé iad le bheith mar dhaoine fásta freagracha, ach forbraíonn sé an fheasacht go bhfuil gach duine idirspleách agus go bhfuil tionchar ag iarmhairtí na gcinntí pearsanta agus na ngníomhartha ar dhaoine eile, rud a chothaíonn tuiscint ar an gceangal le daoine agus le pobail nach mbaineann linn agus tuiscint ar an bhfreagracht as na daoine agus as na pobail seo.

Trí úsáid a bhaint as oideolaíochtaí criticiúla agus gníomhacha, cuireann OSPS spás sábháilte, tacúil, neamhbhreithiúnach ar fáil inar féidir leis an scoláire machnamh agus díospóireacht a dhéanamh, féinfheasacht agus feasacht ar dhaoine eile a fhorbairt, agus gníomhartha a aithint ionas go bhféadfadh sé a fholláine féin agus folláine daoine eile a chosaint agus a chothú.

Tugann an tsonraíocht seo tacaíocht do mhúinteoirí glacadh le cur chuige ionchuimsitheach i gcomhréir leis na prionsabail a ghabhann le comhionannas, cearta daonna agus freagrachtaí. Cinntíonn sé sin gur féidir leis an scoláire é féin, a theaghlach agus a phobal léirithe a fheiceáil ar fud na foghlama agus gur féidir leis tuiscint a fháil ar luach na héagsúlachta mar chuid de shaol an duine agus mar fhoinse saibhrithe. Cuireann OSPS, mar sin, le sochaí a thógáil atá aontaithe, atruach agus cothrom; ceann a chuimsíonn gach gnéasacht, inscne, eitneacht, creideamh/cruinneshamhail, aicme shóisialta agus cumas/míchumas.

## Aidhm

Tá sé mar aidhm ag an gcúrsa seo an t-eolas, an tuiscint, na scileanna, na meonta agus na luachanna a fhorbairt, a chuirfidh ar chumas scoláirí a bheith mar dhaoine fásta óga sláintiúla, muiníneacha, freagracha agus comhbhácha a bhfuil teacht aniar iontu; chun caidrimh mheasúla, ghrámhara agus chomhbhácha a chothú agus chun ullmhú le haghaidh na ndeiseanna, na bhfreagrachtaí agus na n-eispéireas sa saol anois agus tar éis na scoile.

## Leanúnachas agus dul chun cinn

Tá OSPS in Éirinn bunaithe ar chur chuige atá iomlánaíoch, scoláire-lárnaithe, ionchuimsitheach agus cuí ó thaobh aoise agus forbartha de.[1] Cuireann curaclam OSPS athfhorbartha dul chun cinn ar fáil i dteagasc agus foghlaim ó oideachas na luathóige go dtí an iar-bhunscoil.

Ar fud na gcéimeanna foghlama ar fad, forbraíonn OSPS braistint dhearfach féiniúlachta na bpáistí agus na ndaoine óga chomh maith lena gcumas a fhorbairt chun aire a thabhairt dóibh féin agus do dhaoine eile. Tá sé tábhachtach ag gach céim go dtéitear ar ais chuig na téamaí OSPS, agus go dtugtar téamaí nua isteach, rud a chinntíonn leanúnachas agus dul chun cinn na foghlama. Agus iad ag breathnú siar ar na téamaí, déantar iarracht deis a thabhairt don scoláire rannpháirtíocht níos doimhne a bheith aige de réir a aoise, a riachtanais shíorathraitheacha agus céim forbartha an scoláire.

Tá *Aistear: Creatchuraclam na Luath-Óige* dírithe ar pháistí ó bhreith go sé bliana d'aois, agus a dhéanann cur síos ar fhoghlaim agus forbairt na bpáistí ach úsáid a bhaint as ceithre théama. Is iad na téamaí seo, Folláine, Féiniúlacht agus Muintearas, Cumarsáid, agus Taiscéalaíocht agus Smaointeoireacht. Baineann folláine le páistí atá muiníneach sona sláintiúil agus dírítear ar an bhfolláine shíceolaíoch agus ar an bhfolláine fhisiceach araon.

Mar atá leagtha amach i g*Creatchuraclam na Bunscoile* (2023) tá sé beartaithe réimse curaclaim darb ainm 'Folláine' a thabhairt isteach mar chuid de churaclam bunscoile athfhorbartha. Tacaíonn an réimse seo le forbairt shóisialta, mhothúchánach agus fhisiceach na bpáistí anois agus amach anseo. Cuimsítear teagasc agus foghlaim in OSPS agus i gCorpoideachas leis an réimse folláine, agus is ar an gcaoi sin a gcuirtear ar chumas na bpáistí féinfheasacht agus féineolas a fhorbairt, scileanna saoil a thógáil agus braistint láidir a fhorbairt go bhfuil dlúthbhaint acu lena scoil, lena bpobal agus leis an tsochaí níos leithne, agus chun luach a chur ar chaidrimh dhearfacha agus shláintiúla le daoine eile.

Tá sé mar aidhm ag OSPS na Sraithe Sóisearaí (2023) *féinfheasacht agus féinfhiúntas dearfach an scoláire a fhorbairt: an t-eolas, an tuiscint, na scileanna, na meonta agus na luachanna a fhorbairt a chuirfidh ar a chumas saol sásúil sláintiúil a chaitheamh: cur ar a chumas caidrimh mheasúla cheanúla, leis féin agus le daoine eile, a chruthú, a chothú agus a choinneáil: agus cur lena chumas cur go dearfach leis an tsochaí.*

Agus ag an deireadh ar fad, tacaíonn OSPS na Sraithe Sinsearaí le daoine óga chun aghaidh a thabhairt ar riachtanais an tsaoil anois agus ullmhú le haghaidh deiseanna, freagrachtaí agus eispéiris saoil tar éis na scoile. Cuireann sé leis an eolas, leis an tuiscint, leis na scileanna, agus leis na meonta agus luachanna chun cur ar a gcumas iad féin a fhorbairt anois agus amach anseo.

[1] CNCM, Tuarascáil ar an Athbhreithniú ar OCG i mBunscoileanna agus in Iar-bhunscoileanna (2020).

# Foghlaim an scoláire sa tsraith shinsearach

Cuimsítear le foghlaim an scoláire sa tsraith shinsearach, gach rud a fhoghlaimíonn an scoláire laistigh de na hábhair agus na modúil a nglacann sé páirt iontu agus gach rud a fhoghlaimíonn an scoláire ag a bhfuil baint lena eispéiris sraithe sinsearaí ar fad. Is é an phríomhaidhm anseo ná go mbeidh gach scoláire níos saibhre, níos rannpháirtí agus níos inniúla mar dhuine ag deireadh na sraithe sinsearaí ná mar a bhí siad sular thosaigh siad an tsraith shinsearach.

Ar mhaithe le soiléireacht, leagtar amach faoin teideal 'príomhinniúlachtaí' an fhoghlaim a bhaineann lena n-eispéiris ar fad sa tsraith shinsearach, agus na hinniúlachtaí a fhorbraíonn siad dá mbarr sin. Leagtar amach an foghlaim a tharlaíonn laistigh den ábhar nó den mhodúl i gceist faoin teideal 'snáitheanna agus torthaí foghlama'. Ach, tá sé ríthábhachtach a aithint go bhforbraítear príomhinniúlachtaí agus foghlaim ábhair nó mhodúil go comhtháite, idir dhearadh na sonraíochtaí agus trí na hoideolaíochtaí a úsáideann na múinteoirí agus an timpeallacht a fhorbraíonn siad ina seomraí ranga agus laistigh dá scoil. D'fhéadfadh na hábhair a bheith cabhrach don scoláire a phríomhinniúlachtaí a fhorbairt; agus is féidir leis na príomhinniúlachtaí foghlaim ábhair níos doimhne a fheabhsú agus a éascú. Nuair a tharlaíonn an comhtháthú seo, leanann an scoláire ar aghaidh ag baint tairbhe as

- ar fud na sraithe sinsearaí
- le linn dó aistriú chuig gnéithe éagsúla i mbreisoideachas, oideachas aosach agus an t-ardoideachas, printíseachtaí, tréimhsí oiliúna agus fostaíocht, agus
- ina shaol mar dhuine fásta le linn dó caidrimh a bhunú agus a chothú le réimse leathan daoine agus páirt iomlán a ghlacadh sa tsochaí.

Nuair a dhéanann múinteoirí agus an scoláire ceangail idir modhanna teagaisc a mbíonn taithí ag an scoláire orthu, na hinniúlachtaí atá á bhforbairt aige agus na bealaí ar féidir leis na hinniúlachtaí seo foghlaim shainiúil ábhair an scoláire, éiríonn an scoláire níos feasaí ar na bealaí ar fad a gcuireann a n-eispéiris ar fud na sraithe sinsearaí lena bhforbairt iomlánaíoch mar dhuine.

# Príomhinniúlachtaí

Cabhraíonn an tsraith shinsearach leis an scoláire a bheith níos rannpháirtí, níos saibhrithe agus níos inniúla, agus é ag déanamh tuilleadh forbartha ar a chuid eolais, scileanna, luachanna agus meonta ar bhealach comhtháite.




Fíor 1: Comhpháirteanna na bpríomhinniúlachtaí agus an tionchar a mhianaítear leo


Is scáth-théarma é Príomhinniúlachtaí[2] lena ndéantar tagairt don eolas, na scileanna, na luachanna agus na meonta a fhorbraíonn an scoláire le linn na sraithe sinsearaí.

Tá na hinniúlachtaí seo idirnasctha agus is féidir iad a thabhairt le chéile; tá siad in ann foghlaim iomlán an scoláire a fheabhsú; in ann cabhrú leis an scoláire agus leis an múinteoir naisc bhríocha a dhéanamh idir agus thar réimsí foghlama difriúla; agus tá tábhacht ag baint leo ar fud an churaclaim.

Cuireann forbairt litearthachta agus uimhearthacht an scoláire le forbairt na n inniúlachtaí agus an bealach eile thart. Tacaítear leis na príomhinniúlachtaí nuair a dhéantar litearthacht agus uimhearthacht an scoláire a fhorbairt go maith agus nuair is féidir leis dea úsáid a bhaint as uirlisí éagsúla, teicneolaíochtaí ina measc, chun tacú lena chuid foghlama.

[2] Tugtar acmhainneachtaí nó cumais orthu ó am go chéile.

Cuirtear beocht sna príomhinniúlachtaí trí na heispéiris foghlama agus na hoideolaíochtaí a roghnaíonn an múinteoir agus trí fhreagairtí an scoláire orthu seo. Is féidir agus ba cheart go gcabhrófaí leis an scoláire a chuid príomhinniúlachtaí a fhorbairt, beag beann ar a chúlra, ar a chuid cúinsí ná ar a chuid eispéireas, faoi láthair nó roimhe seo, agus ba cheart go mbeadh neart deiseanna aige a phríomhinniúlachtaí a léiriú. Tá tuilleadh sonraí maidir leis na príomhinniúlachtaí ar fáil ag Príomhinniúlachtaí an Scoláire | NCCA





Fíor 2: Príomhinniúlachtaí sa tSraith Shinsearach a dtacaíonn litearthachtaí agus uimhearthacht leo

Tábla 1: Príomhinniúlachtaí agus OSPS

| Príomhinniúlachtaí | Deiseanna Foghlama agus Forbartha |
|---|---|
| Smaointeoireacht agus fadhbanna a réiteach | Cuireann an scoláire feabhas ar a chumas i smaointeoireacht chriticiúil mhachnamhach agus é ag déanamh critíc ar noirm shóisialta agus chultúrtha agus iad ag fáil tuiscint ar na tosca éagsúla a bhféadfadh tionchar a bheith acu ar iompar agus ar chinntí maidir le sláinte, folláine agus caidrimh. |
| A bheith cruthaitheach | Déanann an scoláire scrúdú agus measúnú ar roghanna agus ar iarmhairtí trí bheith rannpháirteach sna sonraí cuí, sna heispéiris chuí agus sna cásanna cuí. Cuimsítear leis seo, a bheith in ann déileáil le débhríocht agus le héiginnteacht agus an scoláire ag tabhairt faoi cheisteanna a bhaineann lena shaol. |
| Cumarsáid | Forbraíonn an scoláire feasacht agus scileanna chun roghanna, mothúcháin agus riachtanais a chur in iúl go measúil agus go comhbhách. |
| Obair le daoine eile | Téann an scoláire i ngleic le dearcthaí éagsúla trí fhoghlaim dhialógach agus rannpháirteach agus faigheann sé tuiscint ar an gcaoi ar féidir le réimse cúlraí, aitheantas, cultúr agus eispéireas a fhoghlaim a shaibhriú. |
| Rannpháirtíocht sa tsochaí | Tugtar spreagadh don scoláire a chearta agus a fhreagrachtaí féin a aithint maidir lena shláinte, lena fholláine agus lena chaidrimh chomh maith le feasacht a bheith acu ar a fhreagrachtaí sóisialta. Faigheann an scoláire feasacht ar na tosca soch-chultúrtha ag a bhfuil tionchar ar a fholláine, agus faigheann sé feasacht ar an gcaoi a mbaineann an t-ábhar seo le ceartas sóisialta, agus ar an gcaoi a dteastaíonn freagraí aonair agus comhfhreagraí. |
| Folláine a chothú | Déanann an scoláire scrúdú ar na tosca ag a bhfuil tionchar ar a fholláine fhisiciúil, shóisialta, mhothúchánach agus mheabhrach agus foghlaimíonn sé straitéisí agus teicnící a chuidíonn leo aire a thabhairt dó féin agus do dhaoine eile. |
| Foghlaim a bhainistiú agus féinbhainistiú | Faigheann an scoláire feasacht ar a smaointe, ar a mhothúcháin, ar a dhearcthaí agus ar a luachanna féin ach deiseanna a chur ar fail le haghaidh machnaimh, téann sé i dtaithí ar na léargais agus ar an bhfoghlaim a fuarthas a aithint. |

# Snáitheanna staidéir agus torthaí foghlama

Ceapadh an tsonraíocht OSPS seo le haghaidh 60 uair an chloig ar a laghad d'am ranga teagmhála le linn an dá bhliain dheireanacha d'oideachas na sraithe sinsearaí.




Fíor 3: Forbhreathnú ar OSPS na Sraithe Sinsearaí

Tá OSPS na Sraithe Sinsearaí bunaithe ar thorthaí foghlama leathana a fhéadfaidh cur ar chumas gach scoláire — trí phleanáil chúramach — a bheith rannpháirteach agus gaiscí a dhéanamh ar aon dul le hinniúlachtaí agus cumais an scoláire féin. Baineann na torthaí foghlama le gach scoláire agus tá treoraíocht bhreise le tacú le pleanáil le haghaidh éagsúlacht an scoláire i seomra ranga OSPS, agus is féidir na torthaí foghlama céanna a fháil sna hUirlisí úsáide OSPS.

Déanann na torthaí foghlama atá leagtha amach thíos, cur síos ar an eolas, an tuiscint, na scileanna, na luachanna agus na meonta ba cheart don scoláire a bheith in ann a thaispeáint i ndiaidh tréimhse foghlama dhá bhliain. Tá trí ghné thrasghearrtha mar chrann taca ag an bhfoghlaim seo, gnéithe a ndéantar achoimre orthu in íochtar.

## Smaoineamh go criticiúil agus go comhbhách

Dírítear sa ghné seo ar thacú le daoine óga breathnú go criticiúil ar a gcuid dearcthaí, luachanna, norm agus iompar sochaíoch. Is é an aidhm chun feasacht ar na tionchair a mhúnlaíonn a gcinntí agus a n-iompair a chur chun cinn ionas go mbeidh siad in ann roghanna eolasacha a dhéanamh agus go mbeidh siad in ann gníomhú mar ghníomhairí freagracha ina saol féin. Nuair a bhaineann daoine óga úsáid as dearcadh criticiúil ó thaobh an tsoch-chultúir de, faigheann siad feasacht chriticiúil ar na tionchair níos leithne ar shláinte/ar fholláine agus ar chaidrimh; déanann siad staidéar ar noirm shóisialta; agus aithníonn siad an méid atá siad in ann a athrú, an méid nach bhfuil siad in ann a athrú, chomh maith le straitéisí chun déileáil leis an dá rud. Aithnítear sa dearcadh seo nach bhfuil aon duine amháin freagrach as a shláinte agus a fholláine féin agus cothaítear tuiscint ar na tionchair níos leithne atá ábhartha. Cruthaíonn sé feasacht freisin ar an gcaoi a bhfuil iarmhairtí pearsanta agus sochaíocha ag baint leis an mbealach a dtuigimid daoine eile.

Is é smaoineamh go comhbhách agus a bheith in ann comhbhá a thaispeáint atá mar chrann taca ag caidrimh dhearfacha idirphearsanta. Cuimsítear leis a bheith oscailte do dhearcthaí éagsúla, ag iarraidh tuiscint a fháil ar mhothúcháin agus ar eispéiris daoine eile, agus comhbhá a thaispeáint. Is príomhghné é smaoineamh go comhbhách de smaoineamh go criticiúil de bharr go n-eascraíonn sé ón gcumas chun bealaí malartacha a lorg chun tuiscint a fháil ar an saol.

## Cearta, freagrachtaí agus ionchuimsitheacht a úsáid

Tá sé mar aidhm sa ghné seo a léiriú go bhfuil tábhacht ag baint le cur chuige ionchuimsitheach atá bunaithe ar chearta mar chuid d'fhoghlaim agus teagasc in OSPS. Ciallaíonn sé seo spreagadh a thabhairt do dhaoine óga a gcearta agus a bhfreagrachtaí féin a aithint maidir lena sláine, lena bhféinchúram agus lena gcaidrimh; agus dearbhaíonn sé a gceart d'oideachas sláinte cuimsitheach agus do sheirbhísí sláinte; agus spreagann sé feasacht ar an gcaoi a bhfuil tionchar ag a n-idirghníomhaíochtaí agus ag a n-iompair ar shaol agus ar chearta daoine eile. Mar sin tá freagrachtaí pearsanta agus sóisialta ag baint le cearta. Chomh maith leis sin, tacaíonn cur chuige bunaithe ar chearta le hionchuimsitheacht, a chinntíonn go bhfuil na gnéasachtaí, na hinscní, na heitneachtaí, na creidimh reiligiúnacha/cruinneshamhlacha, na haicmí sóisialta agus na cumais/míchumais san áireamh leis an bhfoghlaim agus teagasc ar fud na snáitheanna.

## A bheith inniúil ar chúrsaí sláinte

Sa ghné seo, cuirtear le heolas na ndaoine óga, lena bhféinmhuinín agus lena gcompord chun rochtain agus tuiscint a fháil ar eolas faoi shláinte agus faoi sheirbhísí, an t-eolas sin a scrúdú ionas go mbeidh siad in ann cinntí a dhéanamh maidir lena sláinte agus lena bhfolláine féin agus le sláinte agus folláine na ndaoine atá ina dtimpeall. Mar sin, tá níos mó ag baint le bheith inniúil ar chúrsaí sláinte ná fios a bheith ag duine ar an gcaoi agus ar an áit chun eolas iontaofa agus ábhartha a fháil. Chomh maith leis sin, cuimsítear leis a bheith in ann an t-eolas sin a chur in iúl, a dheimhniú agus é a úsáid lena n-áirítear fios a bheith ag duine cén uair/cén chaoi/cén áit chun an chabhair chuí agus na seirbhísí cuí a lorg. Tá níos mó tábhachtacha ag baint leis na scileanna le linn do na daoine óga a bheith ag teacht in inmhe.

## Snáithe 1: Sláinte agus Folláine

### Achoimre ar an snáithe:

Déanfaidh an scoláire scrúdú sa snáithe seo ar na tosca a imríonn tionchar ar a shláinte fhisiciúil, shóisialta, spioradálta, mhothúchánach agus[3] a fholláine mheabhrach agus ar na caidrimh eatarthu seo. Foghlaimeoidh sé bealaí chun aire a thabhairt dó féin agus chun coinneáil a shláintiúla agus is féidir, agus cuirfear béim ar leith ar fheasacht, scileanna, teicnící agus eolas a fháil chun a mheabhairshláinte agus a fholláine intinne a chosaint.

| Foghlaimíonn an scoláire faoi | Ba cheart go mbeadh sé ar chumas an scoláire |
|---|---|
| Tosca a imríonn tionchar ar shláinte agus ar fholláine go ginearálta | **1.1** iniúchadh a dhéanamh ar chinntithigh de dhea-shláinte<br>**1.2** iniúchadh a dhéanamh ar bhealaí inar féidir le duine tionchar a bheith aige ar a shláine iomlánaíoch, lena n-áirítear gníomhaíocht coirp, bia, coladh, naisc shóisialta, íomhá dhearfach den duine féin agus nascadh leis an dúlra, agus plé a dhéanamh ar an gcaoi a bhfuil siad seo ar fad gaolmhar lena chéile<br>**1.3** iniúchadh a dhéanamh ar noirm shóisialta, ar dhearcthaí agus ar chreidimh a bhaineann le halcól, tobac/vápáil agus úsáid substaintí |
| Meabhairshláinte dhearfach a chothú | **1.4** iniúchadh a dhéanamh ar na tosca ag a bhfuil tionchar ar mheabhairshláinte agus ar fholláine, lena n-áirítear an tionchar atá ag an teaghlach, ag an bpobal, ag piaraí, ag an scoil, ag na meáin shóisialta, ag an teicneolaíocht dhigiteach, ag alcól agus ag drugaí a athraíonn giúmar an duine, agus an tionchar atá ag féiníomhá agus féiniúlacht an duine féin<br>**1.5** patrúin smaointeoireachta chabhracha agus mhífhóinteacha lena n-áirítear féinchaint dhiúltach a aithint mar aon leis an gcaoi ar féidir leo seo tionchar a imirt ar mhothúcháin agus ar iompar<br>**1.6** cur síos a dhéanamh ar réimse straitéisí agus iad a úsáid a d'fhéadfadh a bheith ina gcabhair smaointe agus mothúcháin a rialáil agus a bhainistiú chun meabhairshláinte dhearfach a chothú |
| Déileáil le dúshláin mhothúchánacha nó dúshláin a bhaineann le meabhairshláinte | **1.7** na comharthaí agus na siomptóim de dhrochghiúmar, strus agus d'imní a aithint sa scoláire é féin agus i ndaoine eile agus a aithint cén uair is ceart cabhair a lorg, cén áit le dul agus cén chaoi chun cabhair a fháil má theastaíonn sí<br>**1.8** bealaí chun déileáil le drochghiúmar, strus agus le himní a phlé<br>**1.9** na conairí i dtreo andúile a mhíniú, mar aon leis na comharthaí agus na hiarmhairtí de chineálacha éagsúla andúile agus cén áit le dul agus cén chaoi chun cabhair a fháil má theastaíonn sí |
| Cásanna sóisialta a bhainistiú go sábháilte | **1.10** déan plé ar bhealaí agus ceap bealaí chun cásanna sóisialta a bhainistiú go sábháilte ina bhféadfadh a shláinte féin nó sláinte daoine eile a bheith i gcontúirt. |

[3] Is éard atá i gceist le gné spioradálta na folláine a bheith in ann uamhan agus iontas a mhothú agus fios a bheith agat go bhfuil brí agus cuspóir leis an saol. (*Creatchuraclam na Bunscoile, CNCM, 2023*)

## Snáithe 2: Caidrimh agus Gnéasacht

### Achoimre ar an snáithe:

Déanfaidh an scoláire iniúchadh sa snáithe seo ar an réimse leathan de chaidrimh atá tábhachtach ina shaol agus cuirtear béim ar leith ar an bhfeasacht, ar an eolas agus ar na scileanna a fháil chun tacú leo chun caidrimh mheasúla, chomhbhácha agus shláintiúla a chothú. Tugtar tacaíocht sa snáithe seo don scoláire chun caidrimh ina bhfuil mí-úsáid nó foréigean a aithint agus chun freagairt do na cásanna seo.

**Tabhair faoi deara:** Ba cheart gach ceann de na torthaí foghlama in íochtar a mhúineadh ar bhealach ina ndéantar aitheantais, caidrimh agus teaghlaigh LADTA+ a chur san áireamh agus a léiriú sa teagasc agus foghlaim, seachas aghaidh a thabhairt orthu i gceachtanna neamhspleácha.

| Foghlaimíonn an scoláire faoi | Ba cheart go mbeadh sé ar chumas an scoláire |
|---|---|
| Caidrimh shláintiúla | **2.1** an fheasacht agus na scileanna a theastaíonn a thaispeáint, chun caidrimh shláintiúla ar bhonn pearsanta agus ar líne a chothú, lena n-áirítear meas a bheith aige ar theorainneacha daoine eile, cumarsáid a dhéanamh go héifeachtúil, comhráite deacracha a bhainistiú, agus coimhlint a bhainistiú agus briseadh suas a láimhseáil |
| | **2.2** machnamh a dhéanamh ar an gcaoi a bhféadfadh a dhearcthaí, a chreidimh, a luachanna agus a aitheantas agus na cinn atá ag daoine eile, tionchar a imirt ar dhinimic theaghlaigh, chairdis agus caidrimh rómánsúla |
| | **2.3:** plé a dhéanamh ar an ngá le toiliú agus ar an tábhacht le cúram, meas, comhbhá, muinín agus comhphléisiúr laistigh de chaidreamh gnéasach. |
| Inscne, cultúr agus noirm shóisialta | **2.4** scrúdú a dhéanamh ar an gcaoi a mbuanaítear dearcthaí dochracha faoi chúrsaí inscne sna meáin, ar líne agus sa tsochaí agus plé a dhéanamh ar straitéisí chun aghaidh a thabhairt ar na dearcthaí agus na hinsintí dochracha seo agus iad a athrú. |
| Caidrimh dhrochídeacha agus fhoréigneacha | **2.5** sainaithin agus machnamh a dhéanamh ar na comharthaí coiteanna de chaidrimh mhí-úsáide, lena n-áirítear smacht comhéigneach |
| | **2.6** iniúchadh a dhéanamh ar na príomhchúiseanna agus ar na hiarmhairtí d'fhoréigean baile, gnéasach agus foréigean bunaithe ar inscne (DSGBV), agus solas a chaitheamh ar na tacaíochtaí agus ar na seirbhísí atá ar fáil, agus na cosaintí faoi dlí |
| | **2.7** iniúchadh a dhéanamh ar thionchar féideartha na pornagrafaíochta ar dhearcthaí, ar iompair agus ar ionchais chaidrimh agus ar na tacaíochtaí atá ar fáil do na daoine ar imir an phornagrafaíocht tionchar orthu |
| | **2.8** plé a dhéanamh ar dhrochíde ar bhonn íomhánna, ar chiapadh gnéis, ar ionsaí gnéis agus ar éigniú agus ar an méid atá le déanamh agus cén chaoi chun tacaíocht a lorg má dhéantar aon cheann acu seo ar an scoláire nó ar aon duine eile a bhfuil aithne aige air. |
| Sláinte Ghnéis | **2.9** tuiscint a fháil ar na comhábhair de shláinte ghnéis lena n-áirítear torthúlacht ar fud an tsaolré, roghanna atáirgthe, feidhmiú gnéasach, cleachtais ghnéis níos sábháilte, freagraí féideartha ar thoircheas gan choinne, agus an chaoi chun rochtain a fháil ar sheirbhísí agus eolas maidir le sláinte ghnéis. |

# Snáithe 3: Teacht in Inmhe

## Achoimre ar an snáithe:

Gheobhaidh an scoláire eolas agus scileanna faoi leith laistigh den snáithe seo chun tacú leis agus é ag teacht in inmhe agus foghlaimeoidh sé cén chaoi chun tuilleadh freagrachta a ghlacadh as féin. Cuimsítear leis seo a bheith cumasaithe roghanna a bhainistiú, na scileanna a theastaíonn chun pleanáil don todhchaí a fhorbairt, nósanna maithe a bhunú agus a choinneáil, agus spriocanna a bhaint amach. Tacaítear leis an scoláire freisin chun foghlaim cén chaoi chun aire a thabhairt dó féin nuair a thagann athrú ar a shaol nó in am dúshlánach, chun a chearta agus a fhreagrachtaí faoin dlí a thuiscint, agus cothaítear na scileanna a theastaíonn chun seasamh do na daoine sin a ndéantar leithcheal nó claontacht orthu agus dlúthpháirtíocht a léiriú leo.

| Foghlaimíonn an scoláire faoi | Ba cheart go mbeadh sé ar chumas an scoláire |
|---|---|
| Scileanna feinbhainistithe agus féinchúraim | **3.1** machnamh a dhéanamh ar straitéisí féinchúraim a d’fhéadfadh a bheith ina gcabhair ar dhuine chun dea-shláinte a choinneáil agus chun drochshláinte a sheachaint<br>**3.2** na scileanna féinbhainistíochta a theastaíonn don saol a chur in iúl<br>**3.3** iniúchadh a dhéanamh ar réimse imeachtaí saoil ina bhféadfadh athrú teacht ar a shaol, nó ina bhféadfadh caillteanas nó briseadh croí a bheith ann agus plé a dhéanamh ar an gcaoi chun aire a thabhairt dó féin agus/nó do dhaoine eile le linn an ama sin agus cén áit chun tacaíocht a fháil. |
| Cearta agus freagrachtaí faoin dlí | **3.4** achoimre bheacht a dhéanamh ar a chearta agus ar a chosaintí faoin dlí mar dhuine fásta óg maidir le cumarsáid ar líne, toiliú, úsáid alcóil agus drugaí, a chearta san áit oibre agus a cheart chun rochtain a fháil ar sheirbhísí. |
| Bealaí chun oibriú ar son cothroime agus chun cothroime níos fearr a chruthú | **3.5** an mhuinín agus na scileanna a theastaíonn a léiriú le bheith mar dhuine dá chuid féin agus a bheith in ann seasamh dó féin agus do dhaoine eile, go fiú má bhíonn orthu seasamh amach ón slua<br>**3.6** aithint nuair a bhíonn leithcheal á dhéanamh ar dhaoine[4] agus na scileanna a theastaíonn a thaispeáint chun dlúthpháirtíocht a léiriú i réimse cásanna. |

[4] Cuireann na hAchtanna um Stádas Comhionann toirmeasc ar idirdhealú ar fhorais inscne, stádas sibhialta, stádas teaghlaigh, aoise, míchumais, claonadh gnéasach, cine, creidimh agus ballraíochta den Lucht Siúil. Féadtar dul i ngleic leis an toradh foghlama seo ó thaobh na bhforas sin, agus is maith an cur chuige é.

# Teagasc ar fhoghlaim an scoláire

Cuireann teagasc agus foghlaim in OSPS spás ar leith ar fáil inar féidir leis an scoláire an t eolas, an tuiscint, na scileanna, na meonta agus na luachanna a fhorbairt, rudaí ar fad a theastaíonn uaidh chun saol sláintiúil a bheith aige chun roghanna sláintiúla a dhéanamh agus chun caidrimh mheasúla agus chomhbhácha a chothú, san am i láthair agus sa todhchaí.

Bíonn an caidreamh ag croílár an teagaisc agus na foghlama go léir. Is bunriachtanas le haghaidh OSPS éifeachtach, go gcothaítear caidrimh sa seomra ranga atá tacúil, comhbhách agus measúil, caidrimh a chuireann ar chumas an scoláire a bheith rannpháirteach go sábháilte i ndíospóireacht agus i machnamh agus chun feasacht orthu féin agus ar dhaoine eile a fhorbairt. Ciallaíonn sé seo go gcaithfidh an múinteoir éirí as ról an tsaineolaí agus glacadh le ról an éascaitheora; agus a aithint go bhféadfadh go leor de na topaicí a phléitear in OSPS a bheith íogair agus casta agus d'fhéadfadh nach mbeadh freagraí éasca ann ar na ceisteanna a chuirtear. Tá sé riachtanach freisin go n-úsáidtear meon oscailte, agus nach dtugtar breithiúnas ar aon duine ach ag an am céanna a bheith in ann ceistiú go cumasach agus chun tuairimí, iompair agus dearcthaí a fháil, laistigh de chultúr na n-óg nó sa tsochaí ina hiomláine.

Tá teagasc agus foghlaim OSPS bunaithe ar mheas, ar chomhionannas, ar dhínit, ar ionchuimsitheacht, ar fhreagracht, ar atrua agus ar chomhbhá.

## Gnéithe uileghabhálacha de theagasc agus d'fhoghlaim éifeachtach in OSPS

Nuair atáthar ag pleanáil ceachtanna OSPS, tá sé tábhachtach foghlaim a dhearadh a chothaíonn feasacht, díospóireacht, machnamh agus gníomh.

### Feasacht

Is inniúlacht í an fheasacht a chuireann lenár gcumas ár smaointe, mothúcháin, luachanna agus iompar a aithint agus a thuiscint. Cuimsíonn sé an tuiscint conas a imríonn tosca difriúla tionchar ar thuiscint ár nádúir féin agus conas a chaitheann muid ár saol, lena n-áirítear tionchar an teaghlaigh, comhscoláirí, an t-idirlíon, inscne, cultúr agus noirm shóisialta/chultúrtha. Cuimsítear leis seo, tuiscint gurb é is duine ann ná a bheith i mbun caidrimh le daoine eile agus go bhfuil daonnacht, dínit, cearta agus freagrachtaí i bpáirt againn.

### Dialóg

Trí theagasc agus trí fhoghlaim dhialógach cuidítear leis an scoláire a bheith páirteach le dearcthaí éagsúla; comhrá agus machnamh a dhéanamh ar a dhearcthaí, a luachanna agus a iompraíochtaí agus dearcthaí, luachanna agus iompraíochtaí daoine eile; a thuiscintí ar thopaicí ábhartha dá shaol a mhéadú; agus teacht ar chinntí eolasacha, smaointeacha bunaithe ar a luachanna pearsanta, agus aird chuí ar a chearta agus ar a fhreagrachtaí féin agus ar chearta agus ar fhreagrachtaí daoine eile. Nuair a ghlactar leis go mbeidh ilchineálacht na gcúlraí, na bhféiniúlachtaí, na gcultúr agus na taithí i ngach seomra ranga agus feictear mar acmhainn le haghaidh foghlama é sin, cuidítear le dialóg mheasúil.

### Machnamh[5] agus gníomh

Baineann sé seo leis an scoláire ag déanamh machnamh ar a bhfuil foghlamtha aige agus ag teacht ar a léargas agus a chonclúidí pearsanta féin mar fhreagairt ar a fhoghlaim. Cuireann sí ar chumas an scoláire cuimhneamh ar an gcaoi ar féidir leis an bhfoghlaim eolas a chur ar fáil dá chuid roghanna, iompair agus caidreamh, agus ag déanamh amach cén bhaint atá ag an bhfoghlaim lena shaol anois agus amach anseo. Is 'praitic' í an fhoghlaim in OSPS; próiseas leanúnach de mhachnamh criticiúil agus gníomh, á chothú ag dialóg le daoine eile.

[5] Is é is machnamh ann ná "inniúlacht chun seasamh criticiúil a ghlacadh roimh chinnteoireacht, rogha agus gníomh, ar nós seas siar ón rud measta, aitheanta agus glactha; cás a mheas ó dhearcthaí difriúla, agus ag féachaint thar an gcás láithreach chuig na torthaí fadtéarmacha agus indíreacha a bhaineann le roghanna agus gníomhartha duine. Cuireann sé seo ar chumas daoine aonair leibhéal aibíochta a bhaint amach agus dá bharr sin is féidir leo dearcthaí difriúla a ghlacadh, breithiúnais neamhspleácha a dhéanamh agus freagracht a ghlacadh dá chinntí agus dá ghníomhartha." ECFE (2020), Tuarascáil Theicniúil: Anailís Churaclaim ECFE um Thodhchaí Oideachais agus Scileanna 2030.

## Tuilleadh gnéithe de theagasc agus d'fhoghlaim éifeachtach in OSPS

Foghlaim agus teagasc éifeachtach OSPS sa tsraith shinsearach:

- cuimsítear comhairliúchán rialta leis an scoláire leis, chun a riachtanais, a cheiseanna agus a ábhair imní a fháil amach agus úsáidtear an t-eolas seo chun teagasc agus foghlaim a phleanáil atá ailínithe leis na torthaí foghlama.
- úsáidtear modheolaíochtaí d'fhoghlaim chomhoibritheach agus d'fhoghlaim ó thaithí.
- cuireann sé eolas ar fáil atá cuí agus aoisoiriúnach.
- baineann sé leis na heispéiris san fhíorshaol a bhíonn ag an scoláire.
- cothaíonn sé scileanna pearsanta, sóisialta agus mothúchánacha agus cuireann sé deiseanna ar fáil chun na scileanna seo a chleachtadh.
- cothaíonn sé féin-éifeachtúlacht an scoláire ach a inniúlacht chun smaoineamh go criticiúil a dhearbhú agus chun gníomhú go freagrach dá fholláine agus d'fholláine daoine eile.
- cuireann sé deiseanna ar fáil chun plé a dhéanamh ar luachanna, ar dhearcthaí, ar mheonta agus ar chreidimh a thacaíonn le hiompair shláintiúla, ag leibhéal pearsanta agus sochaíoch.
- Samhaltaíonn sé meas ar; agus dearbhaíonn sé luach ar éagsúlacht dearcthaí, bunaithe ar phrionsabail chearta an duine agus dhínit an duine, gan a bheith ag iarraidh pointe féachana ar leith a bhrú chun cinn.
- dearbhaíonn sé éagsúlacht mar ghné de shaol duine, agus cuireann sé ar chumas an scoláire aireachtáil go bhfuil sé tábhachtach agus go bhfuil sé páirteach sa teagasc agus san fhoghlaim ina sheomra ranga. Cuimsítear leis teanga a úsáid atá ionchuimsitheach agus dearbhaithe.
- déanann sé critíc ar bhrúnna sóisialta agus ar thionchair shóisialta agus cruthaíonn sé feasacht ar an gcaoi ar féidir le tosca sóisialta, eacnamaíochta, timpeallachta agus cultúrtha tionchar a imirt ar chinntí agus ar iompair a bhaineann le sláinte, le folláine agus le caidrimh
- úsáideann sé réimse modhanna chun measúnú a dhéanamh ar an méid atá an scoláire a fhoghlaim agus úsáideann sé an t-eolas seo chun aiseolas a chur ar fáil agus chun pleanáil a dhéanamh do na chéad chéimeanna eile san fhoghlaim.

Féach ar an méid a leanas le haghaidh treoir ar OSPS a mhúineadh agus le haghaidh modheolaíochtaí agus acmhainní cuí: Uirlisí SPHE (curriculumonline.ie)

# Measúnú

Baineann measúnú sa tsraith shinsearach le faisnéis faoi phróisis agus faoi thorthaí foghlama a bhailiú, a léirmhíniú, a úsáid agus a thuairisciú. Tá foirmeacha éagsúla measúnaithe ann agus úsáidtear é ar chúiseanna difriúla. Baintear úsáid as measúnú chun an tslí chuí a aimsiú don scoláire trí churaclam éagsúil, chun sainréimsí láidreachta nó deacrachta scoláire áirithe a shainaithint agus chun gnóthachtáil a thástáil agus a theistiú. Is tacaíocht don fhoghlaim é an measúnú agus cuireann sé chun feabhais í trí chabhrú leis an scoláire agus leis an múinteoir na chéad chéimeanna eile sa phróiseas teagaisc agus foghlama a shainaithint.

Chomh maith le straitéisí éagsúla teagaisc, tacóidh straitéisí éagsúla measúnaithe le foghlaim an scoláire agus soláthróidh siad faisnéis don mhúinteoir agus don scoláire atá inúsáidte mar aiseolas, sa chaoi is gur féidir gníomhaíochtaí teagaisc agus foghlama a chur in oiriúint do riachtanais an fhoghlaimeora aonair. De thoradh tascanna atá cuí agus mealltach a leagan síos, ceisteanna a chur agus aiseolas a thabhairt a chuireann neamhspleáchas an fhoghlaimeora chun cinn, tacóidh an measúnú leis an bhfoghlaim agus leis an dul chun cinn, chomh maith le tacaíocht a thabhairt d'fhorbairt phríomhinniúlachtaí an scoláire agus coimriú a thabhairt ar an ngnóthachtáil.

# Measúnú in OSPS

Tá an measúnú le in OSPS bunaithe ar an réasúnaíocht, ar chuspóirí agus ar thorthaí foghlama sa tsonraíocht seo. Is é cuspóir an mheasúnaithe chun cur ar chumas an scoláire fianaise a léiriú ar a thuras foghlama. Is féidir leis an scoláire an méid seo a léiriú trí ghníomhaíochtaí measúnaithe leanúnaigh in OSPS:

- méadú maidir le heolas, scileanna, luachanna agus meonta a theastaíonn le bheith mar dhaoine fásta óga sláintiúla, freagracha agus lácha.
- cumas feabhsaithe chun an t-eolas, na scileanna, na luachanna agus na meonta a fuarthas trí bheith rannpháirteach san fhoghlaim a chur i bhfeidhm i gcomhthéacsanna pearsanta nó chun fadhbanna pearsanta a réiteach.
- athrú nó dearbhú maidir le creidimh/dearcthaí/tuairimí/luachanna.
- straitéisí nua a fuarthas chun tacú lena shláinte agus lena fholláine.
- cumas méadaithe chun roghanna a dhéanamh agus gníomhartha a dhéanamh mar thaca lena shláinte agus folláine agus le sláinte agus folláine daoine eile.

Níl aon scrúdú scríofa ceann cúrsa i gceist in OSPS. Déantar measúnú ar gach scoláire a ghlacann páirt in OSPS na Sraithe Sinsearaí (bíodh sé sin i ndiaidh na hArdteistiméireachta Bunaithe nó i ndiaidh na hArdteistiméireachta Feidhmí) trí **phríomhthascanna**.

Cuimsítear le **príomhthascanna** in OSPS roinnt eispéiris foghlama agus gníomhaíochtaí machnaimh a eascraíonn as na torthaí foghlama ar fud na dtrí shnáithe den churaclam OSPS.

Ní thugtar aon mharc ná grád do na príomhthascanna, cé go bhfuil cur i gcrích sásúil na bpríomhthascanna ag teastáil, agus gheobhaidh an scoláire aiseolas ón múinteoir. Is féidir fianaise ar na príomhthascanna a chur i láthair i réimse de leaganacha amach: i bhfuaim, i bhfoirm scríofa, go digiteach, ar phóstaer, trí fhótagrafaíocht, srl.

Deartar na príomhthascanna ionas go gcuirfidh siad ar chumas an scoláire fianaise a léiriú ar a chumas fásta chun

- eolas iontaofa agus ábhartha a fháil faoi shláinte agus seirbhísí
- tuairimí a chruthú, agus réitigh nó straitéisí a mholadh maidir le cásanna éagsúla
- feasacht a léiriú ar thionchar pearsanta agus sóisialta na gcinntí agus na n-iompraíochtaí
- éagsúlacht an tionchair ar shláinte agus folláine a aithint
- machnamh a dhéanamh ar an méid atá sé a fhoghlaim agus ar an gcaoi a mbaineann an fhoghlaim chéanna lena shaol anois agus ar an gcaoi a mbainfidh sí lena shaol amach anseo
- a fhoghlaim a chomhtháthú agus a chur i bhfeidhm i gcomhthéacsanna pearsanta.

Bronnfar creidiúintí ar an scoláire i ndiaidh chlár na hArdteistiméireachta Feidhmí ar chríochnú na bpríomhthascanna. Déantar taifead ar na creidiúintí seo ar mhaithe le teastasú chlár na hArdteistiméireachta Feidhmí.

Foilseofar treoir mhionsonraithe ar mheasúnú agus tuairisciú in OSPS na Sraithe Sinsearaí (lena n-áirítear roghchlár de phríomhthascanna ag OSPS na Sraithe Sinsearaí ar www.curriculumonline.ie)

# Aguisín 1 Príomhinniúlachtaí torthaí foghlama

| Príomhinniúlacht | Torthaí foghlama<br>**Ba cheart go mbeadh sé ar chumas an scoláire** |
|---|---|
| **Smaointeoireacht agus fadhbanna a réiteach** | Smaointeoireacht chriticiúil a chur i bhfeidhm i suíomhanna a mbeach cur amach acu orthu agus i suíomhanna úra araon.<br>Fadhbanna a shainaithint, teacht aníos le réitigh fhéideartha agus cinntí eolasacha a dhéanamh.<br>Réimse de straitéisí smaointeoireachta, luachanna agus meonta a fhorbairt agus a úsáid chun forbairt a dhéanamh agus freagairt chriticiúil a thabhairt ar cheisteanna agus tascanna agus chun fadhbanna a réiteach. |
| **A bheith cruthaitheach** | A bheith cruthaitheach agus réimse de straitéisí agus próisis a fhorbairt a thacódh lena gcruthaitheacht.<br>Luachanna agus meonta a fhorbairt lena gcothófaí a gcruthaitheacht. |
| **Cumarsáid** | A thuiscint ar fhoirmeacha éagsúla cumarsáide a dhoimhniú agus ar an ábhar a bhfuil staidéar á dhéanamh acu air.<br>Cumarsáid bhríoch éifeachtach a dhéanamh, ag úsáid uirlisí agus formáidí éagsúla, ar chúiseanna éagsúla agus le spriocphobail éagsúla.<br>Nósanna agus meonta todhchaí a fhorbairt a chabhróidh leis, dá réir, cumarsáid bhríoch éifeachtach a dhéanamh. |
| **Obair le daoine eile** | A bheith ag obair ar bhonn comhoibritheach i mbeirteanna, i ngrúpaí agus i bhfoirne.<br>Straitéisí, luachanna agus meonta a fhorbairt a fhágfaidh gur eispéireas níos fiúntaí é an comhoibriú le daoine eile. |
| **Rannpháirtíocht sa tsochaí** | Rannpháirtíocht bhríoch a dhéanamh ar scoil, sa phobal agus sa tsochaí níos leithne.<br>Luachanna agus meonta a fhorbairt lena dtacófaí le rannpháirtíocht bhríoch. |
| **Folláine a chothú** | D'fholláine féin agus folláine daoine eile a chothú.<br>Luachanna agus meonta a fhorbairt lena dtacófaí leis an bhfolláine agus leis an acmhainn plé le agus freagairt do dhúshláin. |
| **Foghlaim a bhainistiú agus féinbhainistiú** | A chuid foghlama féin a bhainistiú, le tacaíocht óna mhúinteoirí, daoine fásta eile, a chuid comhscoláirí agus ón teicneolaíocht.<br>Straitéisí, luachanna agus meonta a fhorbairt lena dtacófaí lena chuid foghlama agus a chonair saoil amach anseo. |

# Aguisín 2 Gluais torthaí foghlama

| Action verbs | Students should be able to |
|---|---|
| **Anailísigh** | Staidéar nó scrúdú a dhéanamh ar rud go mion, rud a mhiondealú chun na bunghnéithe nó an bunstruchtúr a nochtadh; codanna agus coibhneasa a shainaithint, agus fianaise a léirmhíniú chun teacht ar chonclúidí |
| **Meas** | Scileanna breithiúnais agus meastóireachta a thaispeáint, ag déileáil go cothrom le tuairimí difriúla |
| **Cuir luach ar** | Luach nó tábhacht ruda a aithint agus machnamh a dhéanamh air |
| **Meas (cuimhnigh ar...)** | Machnamh a dhéanamh ar thábhacht ruda |
| **Taispeáin** | Rud a chruthú nó a dhéanamh soiléir trí réasúnaíocht nó le fianaise, á léiriú le samplaí nó le cur i bhfeidhm praiticiúil |
| **Cuir síos** | Tuairisc a thabhairt, i bhfocail nó íomhánna, maidir le príomhphointí an ábhair |
| **Ceap** | Rud éigin a phleanáil, a fhorbairt nó a chruthú le smaointeoireacht ghrinn |
| **Pléigh** | Scrúdú a dhéanamh ar choincheapa, peirspictíochtaí nó tuairimí éagsúla ar ábhar, agus a dtátal/léargas féin a bhaint ansin, le tacaíocht ó fhianaise nó fáthanna iomchuí |
| **Scrúdaigh** | Argóintí, sonraí, faisnéis agus scéalta a fhiosrú/ghrinnscrúdú ar bhealach a nochtann an bunús, na toimhdí, na peirspictíochtaí agus na caidrimh eile atá mar bhonn leis |
| **Mínigh** | Tuigtear níos mó ná liosta fíricí/smaointe leis; ní mór an fáth nó an chúis taobh thiar de na fíricí/smaointe sin a thabhairt chomh maith |
| **Fiosraigh** | Dlúthbhreathnú córasach a dhéanamh ar rud chun rud éigin a fháil amach; mionscrúdú nó fiosrú a dhéanamh |
| **Féiniúlacht** | Fíric, gné nó sampla sainiúil a aithint agus a lua go hachomair |
| **Iniúch** | Breathnú, staidéar, nó mionscrúdú córasach a dhéanamh, chun fíricí a chinntiú agus chun teacht ar chruthúnas tacaíochta do chonclúidí |
| **Taighde** | Eolas oiriúnach a fháil, a chur in eagar, a thaifeadadh, a anailísiú agus conclúidí a bhaint as |
| **Aithin** | Éirí eolach ar rud éigin nó rud éigin a thuiscint bunaithe ar thaithí phearsanta |
| **Machnaigh** | Machnamh meabhraitheach cúramach a dhéanamh ar a ghníomhartha |
| **Déan Achoimre** | Achoimre ghairid a dhéanamh ar na príomhphointí eolai |

# Aguisín 3 Gluais téarmaí a mbaintear úsáid astu i dTorthaí Foghlama

**Caidrimh mhí úsáide:** téarma ginearálta a áiríonn caidrimh a d'fhéadfadh a bheith ionsaitheach go follasach nó faoi cheilt, comhéigneach, smachtaithe, dímheasúil, ciapach, imeaglaithe, leithlisithe, nó bagrach.

D'fhéadfadh an iompraíocht mhí-úsáideach tarlú ar bhonn aonuaire e nó arís agus arís eile, d'aon turas nó neamhbheartaithe.

**Conaire andúile:** a áiríonn an chaoi a n-athraíonn rannpháirtíocht le substaintí nó iompair andúile conaire luaíochta na hinchinne (a scaoileann le dopaimín) agus déanann sé cur síos air seo thar thréimhse ama. I gcomhthéacs an churaclaim seo, d'fhéadfadh go gcuimseofaí le hiompraíochtaí andúile, machnamh ar am scáileáin, cluichíocht, cearrbhachas nó pornagrafaíocht, agus d'fhéadfadh go gcuimseofaí le substaintí andúile machnamh ar alcól, nicitín nó drugaí a athraíonn giúmar an duine.

**Toiliú:** croíphrionsabal a bhaineann le gach caidreamh idirphearsanta measúil; is éard atá i gceist le toiliú ná aitheantas agus meas ó thaobh teorainneacha an duine féin agus teorainneacha daoine eile agus deimhniú a dhéanamh i gcónaí mura bhfuiltear cinnte faoi. Déantar toiliú i dtimpeallacht ghnéis a shainmhíniú i ndlí na hÉireann mar a leanas: toilíonn duine le gníomh gnéis má aontaíonn sé nó sí dá d(h)eoin féin agus dá s(h)aorthoil féin gabháil don ghníomh sin. Is é is aois toilithe ann in Éirinn chun páirt a ghlacadh i gcaidreamh collaí ná 17 mbliana d'aois.

**Cinntithigh shláinte:** bíonn tionchar mór ag réimse leathan gnéithe ar dhuine a bheith sláintiúil/míshláintiúil. Tá tionchar mór ag na tosca seo a leanas ar an tsláinte: an áit ina bhfuilimid inár gcónaí, an bhail atá ar ár dtimpeallacht fhisiciúil, ár ngéineolaíocht, ár n-inscne, ár dteacht isteach agus ár leibhéal oideachas, ár gcumas chun rochtain a fháil ar sheirbhísí sláinte, agus ár gcaidrimh agus ár líonraí sóisialta tacaíochta.

**Foréigean Baile, Gnéis agus Foréigean Bunaithe ar Inscne** (DSGBV) *Foréigean Baile*, is é an sainmhíniú atá ar fhoréigean baile ná gach beart d'fhoréigean fisiciúil, gnéasach, síceolaíoch nó eacnamaíoch a tharlaíonn laistigh den teaghlach nó den aonad baile. Is é an sainmhíniú atá ar fhoréigean gnéasach aon bheart gnéis a dhéanamh ar an íospartach gan toiliú nó trí theacht i dtír ar leochaileacht an íospartaigh. Is ionann foréigean bunaithe ar inscne agus foréigean atá dírithe in aghaidh duine de bharr a inscne. Cuimsítear le foirmeacha d'fhoréigean bunaithe ar inscne: ciapadh gnéasach, stalcaireacht, comhéigniú fisiciúil nó síceolaíoch, drochíde agus foréigean, agus cibear-fhoréigean.

**Folláine mhothúchánach:** a áiríonn braistintí agus mothúcháin a aithint, a thuiscint agus a bheith in ann iad a chur in iúl agus a bhainistiú. Tá folláine mhothúchánach luaineach agus níor cheart a rá gurb ionann í agus sonas, rud atá suibiachtúil agus neamhbhuan. Níor cheart, ná í a thuiscint mar uireasa giúmar diúltach, mothúchán diúltach ná smaointe diúltacha.

**Inscne:** ciallaíonn inscne na róil, na freagrachtaí, na saintréithe, na hiompair, na gníomhartha agus na buanna a mheasann sochaí ar leith atá feiliúnach do mhná agus d'fhir. Cruthaítear inscne go sóisialta agus go cultúrtha, mar sin, tá difríochtaí móra idir tuiscintí ar inscne thar chomhthéacsanna agus thar thréimhse ama.

**Féiniúlacht inscne:** tagraíonn sé seo d'eispéireas inmheánach aonair a mhothaíonn daoine ag baint lena n-inscne, a thagann, nó nach dtagann, leis an ngnéas a cláraíodh tráth na breithe.

**Sláinte:** staid d'fholláine iomlán fhisiciúil, mheabhrach agus shóisialta agus ní easpa galair nó éiglíochta amháin.

**Sláinte iomlánaíoch:** tagraíonn sé seo do chur chuige maidir le folláine ina ndéantar iniúchadh ar an duine ina iomláine agus a thugann aghaidh ar a shláinte fhisiciúil, mhothúchánach, shóisialta, spioradálta agus thimpeallachta ag an am céanna. Aithníonn sé freisin nádúr idircheangailte na ngnéithe sin ar fad.

**Drochíde ar bhonn íomhánna:** cuimsítear le ciapadh ar líne agus drochíde ar bhonn íomhánna, dáileadh íomhánna gnéis gan toiliú lena n-áirítear íomhánna gnéis a ghlacadh, a dháileadh, a fhoilsiú nó an bhagairt chun íomhánna gnéis a dháileadh gan toiliú, cumarsáid fhíor-mhaslach a sheoladh nó ag bagairt ar dhuine iad a sheoladh agus é ar intinn ag an duine dochar a dhéanamh don íospartach.

**LADTAI+:** scáth-théarma is ea é chun éagsúlacht inscne agus ghnéasachta a léiriú agus tagraíonn sé dóibh siúd a leanas: leispiach, aerach, déghnéasach, trasinscne, agus aiteach. Léiríonn an '+' na féiniúlachtaí inscne agus gnéaschlaonta go léir nach bhfuil cuimsithe go sonrach ag na litreacha eile.

**Meabhairshláinte:** is staid d'fholláine í meabhairshláinte ina n-úsáideann duine a inniúlachtaí, inar féidir leis déileáil le gnáthstrus an tsaoil, inar féidir leis oibriú go héifeachtach agus go tairbheach agus inar féidir leis feabhas a chur ar an bpobal a bhfuil sé ann.

**Droch-mheabhairshláinte:** úsáidtear an téarma droch-mheabhairshláinte chun cur síos a dhéanamh ar fhíordheacrachtaí meabhairshláinte a imríonn tionchar suntasach ar shaol duine agus seans maith go mbeidh idirghabháil nó tacaíocht de shaghas éigin ag teastáil lena haghaidh. (Cannon et al., 2013) D'fhéadfadh duine a bheith in ann lá a bhaint amach agus deacrachtaí meabhairshláinte a bheith aige chomh maith le braistint folláine.

**Pornagrafaíocht:** Is iondúil go sainmhínítear pornagrafaíocht sna sainmhínithe foclóra mar scríbhinní nó íomhánna de bhearta gnéis ar mhaithe le macnas gnéis a chruthú. Ní léiríonn sainmhínithe dá leithéid ghnáth-phornagrafaíocht ná pornagrafaíocht chomhaimseartha, ina léirítear oibiachtú, dídhaonnú, náiriú agus díghrádúchán na ndaoine, mná den chuid is mó. Mar sin, laistigh de OSPS, cuimsítear roinnt mhaith den phlé ar phornagrafaíocht, rochtain fhorleathan agus tionchar íomhánna na gníomhaíochta gnéasaí ina léirítear tánaistiú na mban agus ceannas na bhfear agus laistigh de sin, déantar normalú ar fhoréigean agus ionsaí gnéasach.

**Meabhairshláinte dhearfach:** tá níos mó ag baint le meabhairshláinte dhearfach seachas uireasa meabhairghalair. Tugann an téarma le fios go bhfuil an duine in ann 'feidhmiú go hiomlán' ina shaol agus cuimsítear leis an téarma, a bheith sásta leis an saol, misneach agus dóchas, féinmheas, teacht aniar agus déileáil le nithe éagsúla, feidhmiú sóisialta agus éirim mhothúchánach (NHS Albain, 2008). Cuireann an curaclam seo meabhairshláinte dhearfach chun cinn ach foghlaim shóisialta agus mhothúchánach a chothú – an próiseas trína gcuireann daoine óga feabhas ar a gcumas chun smaoineamh, mothú agus iompar a chomhtháthú – agus tosca caomhnaitheacha don duine aonair a neartú, amhail féinmheas, teacht aniar mothúchánach, smaointeoireacht dhearfach, réiteach fadhbanna, scileanna sóisialta, scileanna bainistithe strus agus mothúcháin de mháistreacht nó d'fhéin-éifeachtúlacht.

**Féinchúram:** tagraíonn sé seo don mhéid is féidir linn a dhéanamh dúinn féin chun sláinte agus folláine a chur chun cinn agus drochshláinte a chosc. Déanann an chuid is mó de dhaoine féinchúram cheana féin, mar shampla, trí bheith ag ithe go sláintiúil, aclaíocht, sláinteachas pearsanta, nó dóthain codlata a fháil. Gnéithe eile d'fhéinchúram is iad caidrimh thacúla a chruthú, am a chaitheamh sa dúlra agus am a chur ar leataobh ar mhaithe le suaimhneas. I mbeagán focal, baineann sé leis na bealaí ar fad a dtugaimid aire dúinn féin agus a gcosnaímid ár sláinte.

**Scileanna féinbhainistíochta:** tagraíonn sé seo dár gcumas chun ár smaointe a bhainistiú, ár mothúcháin a rialú agus smacht a bheith againn ar ár n-iompraíocht go héifeachtúil i gcásanna éagsúla. Tá féinbhainistíocht cabhrach i dtimpeallachtaí scoile agus oibre, agus inár saol pearsanta. Cuimsítear leis na scileanna feidhmiúcháin a chuireann ar ár gcumas spriocanna a bheith againn agus iad a bhaint amach, féinsmacht agus féinspreagadh a úsáid, spreagthaí a bhainistiú, moilleadóireacht a sheachaint, strus a laghdú agus féin-éifeachtúlacht a fheabhsú.

**Ionsaí gnéis:** a áiríonn beart d'ionsaí fisiciúil ag a bhfuil gné ghnéasach nó spreagadh gnéasach. Cuimsítear leis duine a chrúbáil, duine a phógadh le lámh láidir nó lámh a leagan ar dhuine go gnéasach gan a thoiliú.

**Ciapadh gnéis:** a áiríonn aon fhoirm d'iompar gnéis ó bhéal neamhbhriathartha nó fisiciúil gan iarraidh a nochtadh a bhfuil sé d'aidhm nó d'éifeacht aige dínit duine a shárú agus timpeallacht naimhdeach, mhaslach, náireach nó ghránna don duine. D'fhéadfadh sé a bheith i bhfoirm gníomhartha, comharthaí, béil nó focal scríofa, pictiúr srl. D'fhéadfadh go gcuimseofaí leis teachtaireachtaí téacs, ríomhphoist, glaonna gutháin nó cumarsáid eile leictreonach nó ar na meáin shóisialta

**Sláinte ghnéis:** i gcomhthéacs OSPS na Sraithe Sinsearaí, tagraíonn sé seo le bheith ag foghlaim faoi thorthúlacht na bhfear agus na mban ar fud an tsaolré (lena n-áirítear sos míostraithe), na gnéithe fisiciúla agus síceolaíochta d'fheidhmiú gnéis, roghanna atáirgthe, bealaí chun ionfhabhtuithe gnéas-tarchurtha a sheachaint, freagairtí féideartha do thoircheas gan choinne, agus taispeáint do dhaoine óga cén áit ar féidir leo rochtain a fháil ar eolas agus ar sheirbhísí gnéis agus atáirgthe.

**Gnéasacht:** gnéithe an duine lena n-áirítear gnéas bitheolaíoch, gnéaschlaonadh, féiniúlacht inscne, léiriú gnéasach, fantaisíochtaí gnéasacha, dearcthaí agus luachanna a bhaineann le gnéas. Is féidir le gnéithe gnéasachta athrú agus muid ag dul in aois agus nuair a bhíonn caidrimh dhifriúla againn. (Féach an roth gnéasachta.)

**Léiriú gnéasach:** na bealaí éagsúla a léirímid ár ngnéasacht. Cuimsíonn sé cumarsáid agus glacadh le grá, mothúchán a léiriú, pléisiúr a thabhairt agus a fháil, a bheith ar ár gcumas smacht a choimeád ar iompraíocht ghnéasach agus atáirgthe.

**Gnéaschlaonadh:** cumas an duine do mhealladh mothúchánach agus gnéasach do, agus caidrimh dhlúthphearsanta agus ghnéasacha le, duine d'inscne dhifriúil, nó an inscne chéanna nó níos mó ná inscne amháin. Ní mhothaíonn roinnt daoine mealladh gnéasach nó bíonn leibhéil ísle de mhealladh gnéasach acu, agus tugtar éighnéasacht air seo.

**Scileanna sóisialta agus mothúchánacha:** i gcomhthéacs an churaclaim seo tagraíonn scileanna sóisialta agus mothúchánacha d'fhéinfheasacht, d'fhéinbhainistíocht, do chinnteacht fhreagrach, do scileanna caidrimh agus d'fheasacht shóisialta mar a leagtar amach sa Chreat Scileanna Sóisialta agus Mothúchánacha CASEL.

**Noirm shóisialta:** na rialacha neamhscríofa a bhaineann le creidimh, dearcthaí, agus iompraíochtaí a mheastar gurb inghlactha iad i ngrúpa sóisialta nó cultúr áirithe. I gcomhthéacs na hoibre le daoine óga tá sé tábhachtach noirm shóisialta a cheistiú agus critíc a dhéanamh orthu, go háirithe iad siúd atá dochrach, mí-chuidiúil nó nach léiríonn céard is tábhachtach do dhaoine.

An Roinn Oideachais
Department of Education

Foilsithe mí Lúnasa 2024.